



## Díbhinní a éiríonn lasmuigh de Phoblacht na hÉireann agus den Ríocht Aontaithe

Dearbhú le déanamh ag ÚINÉIR Dhíbhinní nó Úis a éiríonn lasmuigh de Phoblacht na hÉireann agus den Ríocht Aontaithe, áit a éilítear an díolúine ó cháin Éireannach de bharr neamhchónaitheacht i bPoblacht na hÉireann.

Leis seo dearbhaím nach bhfuil cónaí orm i bPoblacht na hÉireann chun críche Cánach Ioncaim nó Cánach Corparáide de (i gcás cuideachta) i leith aon bhliain nó tréimhse lena mbaineann m'éileamh.

Geallaimse a chur in iúl duit má tá a leithéid de chónaí orm in aon bhliain.

**Síniú an úinéara**

**Ainm (i mbloclitreacha)**

**Seoladh**

**Dáta**

## Foirm 1 F.D.

### Cónaitheach in Éirinn – Daoine Aonair

Tá duine aonair cónaitheach in Éirinn ó thaobh cúrsaí cánach de má tá sé/ sí i láthair sa Stát le haghaidh:

- 183 lá sa bhliain cánach reatha, nó
- 280 lá idir an bhliain cánach reatha agus an bhliain roimhe.

Tá de rogha ag duine aonair go ndéileálfai leo mar chónaitheach in Éirinn ó thaobh cúrsaí cánach de.

### Cónaitheach in Éirinn – Cuideachtaí

Tá cuideachta cónaitheach in Éirinn má:

- tá sí cláraithe sa Stát, nó
- bhainistítear agus rialaítear í sa Stát. Go simplí, ciallaíonn an téarma “*bainistítear agus rialaítear*” an áit ina dtionóla na stiúrthóirí a gcuid cruinnithe.

Is iad seo a leanas na **heisceachtaí** orthu siúd:

- Nuair a dhéanann an chuideachta, nó cuideachta ghaolmhar gnó sa Stát agus tá ceachtar cuideachta rialaithe ar deireadh thiar thall ag daoine aonair a chónaíonn i mBallstát AE nó i Stát lena bhfuil coinbhinsiún maidir le cánachas dúbailte ag Éirinn leo.
- Amharctar ar an gcuideachta nach bhfuil sí cónaitheach sa Stát faoi choinbhinsiún maidir le cánachas dúbailte idir Éire agus tír eile.